



An Bhruiséil, 3 Deireadh Fómhair 2022
(OR. en)

13051/1/22
REV 1

SOC 535
EMPL 368
ECOFIN 950

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	An Coiste um Chosaint Shóisialta
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle
Ábhar:	Príomhtheachtaireachtaí na Tuarascála ón gComhchoiste um Chosaint Shóisialta agus ón gCoimisiún Eorpach maidir le hIoncam Íosta - Formhuiniú

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo príomhtheachtaireachtaí na Tuarascála ón gComhchoiste um Chosaint Shóisialta agus ón gCoimisiún Eorpach maidir le hIoncam Íosta, chun go bhformhuineoidh an Chomhairle iad an 17 Deireadh Fómhair 2022.

Féadfar an tuarascáil iomlán a fháil in 13051/22 ADD 1.

Tá na Próifílí Tíre atá i gceangal leis an tuarascáil seo le fáil in 13051/22 ADD 2-4.

***Príomhtheachtaireachtaí na Tuarascála ón gComhchoiste um Chosaint
Shóisialta agus ón gCoimisiún Eorpach maidir le hIoncam Íosta***

PRÍOMHTHEACHTAIREACHTAÍ

Baineann Prionsabal 14 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta ⁽¹⁾ leis an gceart chun ioncaim íosta agus cuirtear i bhfios go láidir ann go bhfuil *“an ceart ag gach duine nach bhfuil dóthain acmhainní acu tairbhithe leordhóthanacha ioncaim íosta a fháil lena n-áirithítear an dínit ag gach céim den saol, agus an ceart chun rochtain éifeachtach ar earraí agus ar sheirbhísí cumasúcháin. I gcás na ndaoine siúd atá in ann obair a dhéanamh, ba cheart sochair ioncaim íosta a chur le chéile le dreasachtaí chun iad a (ath)lánpháirtiú sa mhargadh saothair”*. Is iad na Ballstáit a dhéanann forálacha náisiúnta a dhearadh agus a chur chun feidhme chun cosaint ioncaim íosta a áirithiú. Tacaíonn an tAontas le hiarrachtaí na mBallstát ardleibhéal cosanta sóisialta a áirithiú, lena n-áirítear scéimeanna leordhóthanacha ioncaim íosta ag gach céim den saol. Ag an am céanna, ba cheart a chur i dtábhacht go bhfuil éagsúlacht mhór idir córais na mBallstát, ag brath ar a n-imthosca socheacnamaíocha, agus ar a gcúlra stairiúil.

In 2020, rinne Comhairle an Aontais Eorpaigh ⁽²⁾ machnamh ar an tábhacht a bhaineann le cosaint ioncaim íosta a neartú agus d’aithin sí go bhfuil ról ríthábhachtach ag cosaint ioncaim íosta, in éineacht le seirbhísí gníomhachtaithe agus cuimsithe sóisialta, chun baol na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta a mhaolú. D’iarr an Chomhairle ar an gCoimisiún Eorpach agus ar an gCoiste um Chosaint Shóisialta *“tuarascáil chomhpháirteach a ullmhú go tráthrialta chun anailís agus athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn a rinneadh i bhforbairt na cosanta íosta ioncaim sna Ballstáit, ag cur leis an gcreat tagarmharcála le haghaidh cosaint ioncaim íosta arna bhunú ar leibhéal an Aontais.”* Ullmhaíodh an tuarascáil in 2022 agus cuirtear na gnéithe a leanas chun suntais inti.

¹ Moladh ón gCoimisiún an 26.4.2017 maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, C(2017) 2600 final.

² Comhairle an Aontais Eorpaigh (2020), Conclúidí óg Comhairle maidir le cosaint ioncaim íosta a neartú d’fhonn an bhochtaineacht agus an t-eisiaimh shóisialta a chomhrac le linn phaindéim COVID-19 agus ina dhiaidh sin. (<https://www.consilium.europa.eu/ga/press/press-releases/2020/10/12/strengthening-minimum-income-protection-in-the-covid-19-pandemic-and-beyond-council-adopts-conclusions>).

1. Is scéimeanna neamhranníocacha, de réir tástáil acmhainne iad scéimeanna ioncaim íosta a sholáthraíonn líontán sábhála mar rogha dheireanach do dhaoine nach bhfuil dóthain acmhainní acu chun saol faoi dhíon a áirithiú. Ní hamháin go mbaineann scéimeanna éifeachtacha ioncaim íosta le leordhóthanacht na sochar, ach áirítear leo freisin beartais chuimsitheacha maidir leis an margadh saothair agus rochtain ar sheirbhísí cuimsithe shóisialta ar ardcháilíocht a sholáthar. Le dearadh agus lánpháirtiú éifeachtúil na dtrí shraith, cuireann siad túsclár ar fáil le haghaidh gníomhachtú agus cuimsiú sóisialta. Is cuid de chórais náisiúnta cosanta sóisialta iad scéimeanna ioncaim íosta agus tá ról tábhachtach acu maidir leis an mbochtaineacht, an eisiamh sóisialta, an neamhionannas agus an neamhdheimhneacht shóisialta a laghdú agus a chosc. Chun measúnú a dhéanamh ar ioncam leordhóthanach dóibh siúd nach bhfuil acmhainní leordhóthanacha acu, ní mór sochair ioncaim íosta a chomhthéacsú le tacaíocht éagsúla d'fhoinsí ioncaim comhlántacha atá ar fáil (lena n-áirítear sochair eile agus ioncam ón obair).
2. **Cé gur tháinig laghdú ar an mbochtaineacht nó ar an eisiamh sóisialta le deich mbliana anuas, beidh gá le tuilleadh iarrachtaí chun sprioc an Aontais a bhaint amach maidir le laghdú 15 mhilliún duine ar a laghad atá i mbaol bochtaineachta nó eisiamh sóisialta san Aontas faoi 2030.** D'fhéadfadh na meigithreochtaí éagsúla atá i gceist - amhail an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach, forbairtí déimeagrafacha nó polarú atá ag dul i méid i margadh an tsaothair — rioscaí breise a chruthú do theaghlaigh ar ioncam íseal, rud a chuirfeadh brú freisin ar dhearadh na scéimeanna ioncaim íosta chun a áirithiú go gcosnófar gach duine. Ina theannta sin, chuir géarchéim COVID-19 chun suntais an ról lárnach atá acu in acmhainneacht agus éifeachtacht na gcóras cosanta sóisialta chun déileáil le suaití eacnamaíocha.
3. **Le deich mbliana anuas, tá ioncam na dteaghlach gar-dhífhostaíochta chun deiridh ar fheabhsuithe ginearálta ioncaim, ach rinneadh dul chun cinn san am céanna i roinnt gnéithe neamhairgeadaíochta.** Ó 2008 i leith, tá méadú tagtha ar an mbaol bochtaineachta i measc na dteaghlach gar-dhífhostaíochta i mbeagnach dhá thrían de na Ballstáit, i gcomhthéacs ina raibh an bhearna bhochtaineachta seasmhach den chuid is mó agus inar tháinig laghdú beag ar thionchar aistrithe ar an mbochtaineacht. Mar sin féin, tháinig méadú measartha ar chumhdach na tacaíochta ioncaim. Ar an taobh dearfach, tá laghdú tagtha ar dhíth ábhartha agus shóisialta, agus ar na bearnaí i riachtanais nach bhfuiltear ag freastal orthu le haghaidh scrúdú leighis nó ró-ualach costais tithíochta. Maidir leis an gcuid is mó de na gnéithe sin, tugadh faoi deara roinnt cóineasú idir na Ballstáit le deich mbliana anuas.

4. **Is iondúil go léiríonn tíortha ina bhfuil cumhdach níos airde (rátaí tairbhithe sochair) doimhneacht níos ísle bochtaineachta (i mbaol bearnaí bochtaineachta). Tá sochair níos leordhóthanaí ag tíortha a bhfuil cumhdach níos airde acu. Cé go mbíonn tionchar ag imthosca eile freisin, cuirtear i dtreis leis seo an tábhacht a bhaineann le rochtain ar shochair ioncaim íosta chun aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht, i gcomhréir leis an gcur chuige um Chuimsiú Gníomhach agus baineann sé go soiléir le tionchar na rialacha incháilitheachta ar chumhdach sochar ioncaim íosta agus ar leibhéal an ghlaclaíochta iarbhair sochar.**
5. **Cé go bhfuil scéimeanna ioncaim íosta i bhfeidhm i ngach Ballstát, tá éagsúlacht shuntasach ann maidir lena leordhóthanacht, idir tuairim is 20 % agus 100 % de thairseach na bochtaineachta.** D'fhan leordhóthanacht na sochar ioncaim íosta ⁽³⁾ beagnach gan athrú ar an meán san Aontas le deich mbliana anuas (in ainneoin gur tháinig feabhas beag uirthi le blianta beaga anuas). Tugadh faoi deara roinnt cóineasaithe, go háirithe de bharr scéimeanna nua a tugadh isteach i roinnt Ballstát, chomh maith le hathchóirithe i mBallstáit eile, a bhfuil sé mar aidhm leo feabhas a chur ar na scéimeanna atá ann cheana. Ar an taobh eile, tharla meath suntasach i dtéarmaí leordhóthanachta (amhail meath 10 bpointe céatadáin ar a laghad) ó 2009 i roinnt Ballstát ina raibh rátaí faoi bhun mheánráta an Aontais.
6. **Athraíonn leordhóthanacht na sochar ioncaim íosta ag brath ar chineálacha teaghlaigh** agus is iondúil go mbíonn sé níos airde do theaghlaigh aontuismitheora ina bhfuil leanbh amháin nó lánúin amháin a bhfuil beirt leanaí acu ná mar a bhíonn i gcás daoine singile. Léiríonn sé sin freisin an tionchar a bhíonn ag sochair eile, amhail sochair linbh a chlúdaíonn na costais bhreise a bhaineann le leanaí a thógáil. Ag brath ar dhearadh chórais leasa shóisialta na mBallstát, baineann roinnt sochar breise go ginearálta le sochair ioncaim íosta a fháil. Is ionann cuid acu agus tacaíocht airgeadaíochta bhreise, ach cuirtear cinn eile ar fáil i gcomhchineál agus ní mór a n-infhaighteacht a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar éifeachtacht na gcóras náisiúnta aonair maidir le daoine a choinneáil ón mbochtaineacht.

³ Mar a tomhaiseadh de réir an ioncaim fhoriomláin atá ar fáil do thairbhithe ioncaim íosta, lena n-áirítear sochair ioncaim íosta agus sochair fhorlíontacha atá ar fáil.

7. **Tá rochtain ar ioncam íosta ag brath ar chritéir incháilitheachta éagsúla**, go háirithe tástáil aoise, cónaithe, ioncaim agus sócmhainní agus ar chearta ar shochair eile a bheith ídithe. Ina measc sin, úsáidtear tástáil acmhainne ar leibhéal an teaghlaigh mar phríomhuirlis chun iad siúd atá incháilithe do thacaíocht ioncaim íosta a shainaithint. Ní hionann tástáil acmhainne agus coinníollacha incháilitheachta eile — go háirithe aois agus cónaí — i measc na scéimeanna éagsúla, rud a d’fhéadfadh difear díréireach a dhéanamh do rochtain ar thacaíocht ioncaim do ghrúpaí áirithe den daonra.
8. Go ginearálta, ní mór ceanglais áirithe gníomhachtaithe a chomhlíonadh chun sochar a fháil, amhail clárú leis na seirbhísí fostaíochta poiblí, páirt a ghlacadh i gcláir ghníomhacha mhargadh an tsaothair (lena n-áirítear oibreacha poiblí nó pobail) agus i gcuardach gníomhach post. Cé gur féidir le ceanglais den sórt sin rannchuidiú le lánpháirtiú na dtairbhíthe sa mhargadh saothair, d’fhéadfadh ceanglais iomarcacha agus smachtbhannaí iomarcacha i gcás neamhchomhlíonta nó nósanna imeachta deonaithe troma a bheith ina gcúis le tairbhíthe féideartha a dhíspreagadh ó iarratas a dhéanamh ar na scéimeanna. Le cothroime i bhforfheidhmiú smachtbhannaí, ní mór tacaíocht leordhóthanach agus seirbhísí cumasúcháin a bheith ar fáil agus inrochtana.
9. **Baineann grúpaí socheacnamaíocha éagsúla tairbhe as na scéimeanna** agus comhlíonann siad critéir na tástála acmhainne, amhail daoine a bhfuil leibhéal ísle scileanna acu agus atá ag fulaingt ó chineálacha éagsúla eisiaimh shóisialta. Tá grúpaí eile thíos le rioscaí níos airde maidir le rochtain íseal ar fud tíortha, amhail daoine óga, daoine atá ina gcónaí ina n-aonar, tuismitheoirí aonair, imircigh, Romaigh agus daoine gan dídean.
10. **Cé go ndealraíonn sé gur fánach an faireachán córasach atá déanta ar neamhghlacadh scéimeanna ioncaim íosta ar fud na mBallstát, léiríonn na meastacháin atá ar fáil i roinnt Ballstát⁴ go bhfuil neamhghlacadh le hioncam íosta ard: idir 30 % agus 50 % den daonra incháilithe.** D’fhéadfaí é sin a mhíniú le himthosca éagsúla, amhail faisnéis theoranta, stiogma a bhrath, dianchritéir incháilitheachta agus go háirithe castacht na nósanna imeachta riaracháin na gcoinníollacha a bhaineann le sochar a fháil.

⁴ Bunaithe ar shonraí suirbhé agus ar mhicreaiónsamhlú.

11. **Gné thábhachtach de scéimeanna ioncaim íosta is ea rannpháirtíocht i margadh an tsaothair a éascú.** Is iondúil go ndéantar ceanglais ghníomhachtaithe a chomhcheangal le dreasachtaí airgeadaíochta chun a áirithiú go mbíonn forálacha maidir le pá oibre agus forálacha beartais ghníomhaigh maidir leis an margadh saothair ann chun an t-aistriú chuig an margadh saothair a éascú. Léirítear sna meastacháin atá ar fáil nach bhfuil éifeacht na ndreasachtaí airgeadaíochta ar rannpháirtíocht sa mhargadh saothair suntasach go ginearálta do thairbhíthe ioncaim íosta agus gur minic a bhíonn bacainní eile ar thairbhíthe (amhail leibhéil ísle scileanna, srianta sláinte, easpa rochtana ar sheirbhísí cumasúcháin, idirdhealú nó bacainní eisiaimh shóisialta eile) ar féidir leo tionchar níos láidre a bheith acu ar an rochtain atá acu ar mhargadh an tsaothair. Mar sin féin, dealraíonn sé go bhfuil rannpháirtíocht tairbhíthe ar ioncam íosta i mbearta beartais ghníomhaigh maidir le margadh an tsaothair íseal agus gur minic a bhíonn sí teoranta do rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí pobail nó i ngníomhaíochtaí oibre poiblí.
12. **Is iondúil go ndéantar measúnú ar infhostaitheacht na dtairbhíthe d'fhonn príomhbhacainní nó riachtanais phearsanta a shainaithint.** Cé gurb é an toradh a bhíonn ar mheasúnuithe ar riachtanais den sórt sin de ghnáth go bhforbraítear pleananna gníomhaíochta aonair chun meascán iomchuí de sheirbhísí sóisialta agus gníomhacha mhargadh an tsaothair a sholáthar, is féidir fós na cleachtais sin a fheabhsú chun riachtanais na dtairbhíthe a léiriú ar bhealach níos fearr agus chun comhordú i soláthar seirbhísí ábhartha a fheabhsú.
13. **Léiríonn rialachas na scéimeanna ioncaim íosta struchtúir il-leibhéil éagsúla,** ag brath ar an gcaoi a bhfuil na scéimeanna ioncaim íosta leabaithe i ndearadh na gcóras náisiúnta cosanta sóisialta. Déanann formhór na mBallstát scéimeanna ioncaim íosta a rialáil ar an leibhéal náisiúnta, agus eagraítear seirbhísí ar an leibhéal áitiúil. Tá éagsúlacht mhór ann maidir le freagrachtaí a roinnt idir leibhéil agus comhlachtaí éagsúla ó thaobh maoiniú agus cur chun feidhme de. I roinnt mhaith cásanna, is cosúil gur dúshlán é freisin comhordú a dhéanamh le comhlachtaí a chuireann sochair agus seirbhísí comhlántacha eile ar fáil. .

14. **Tá sásraí faireacháin rialta i bhfeidhm ag beagán níos mó ná leath de na Ballstáit, agus i mBallstáit eile tá cleachtais den sórt sin fós le bunú.** Is cosúil go mbaineann na príomhdhúshláin le comhar neamhleor idir eintitis éagsúla, rud atá níos measa fós mar gheall ar bhacainní dlíthiúla agus teicniúla ar bhainistiú sonraí. Is iondúil go mbailítear sonraí chun sochair a sholáthar, ach ní chuireann an fhaisnéis sin le córas faireacháin chun ionchur a sholáthar maidir le meastóireacht rialta ar na scéimeanna agus aiseolas a thabhairt d'fhorbairt beartais. Sa chomhthéacs sin, tá sé tábhachtach a áirithiú go ndéanfar faireachán agus meastóireacht láidir ar chreataí rialachais (le sonraí agus táscairí staidrimh ar ardcháilíocht), lena n-áiríteofar rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí ábhartha uile.

I bhfianaise na ngnéithe sin, measann an Coiste um Chosaint Shóisialta go mbeidh gá le tuilleadh iarrachtaí chun prionsabal 14 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme i gcomhar le prionsabail ábhartha eile. Agus na himthosca náisiúnta á gcur san áireamh, ba cheart don Aontas leanúint de thacaíocht a thabhairt do na hiarrachtaí náisiúnta chun scéimeanna leordhóthanacha ioncaim íosta a áirithiú, agus i gcomhar leis an Moladh ón gComhairle maidir le daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach a lánpháirtiú i margadh an tsaothair.

Tá bonn luachmhar curtha ar fáil leis an gcreat tagarmharcála maidir le hioncam íosta chun an tuarascáil seo a fhorbairt. Beidh sé úsáideach é a uasdátú go rialta agus idirghníomhaíochtaí le sochair eile á gcur san áireamh agus athbhreithniú a dhéanamh ar réimsí a d'fhéadfaí a leathnú tuilleadh i ngnéithe éagsúla (amhail critéir incháilitheachta, rochtain ar sheirbhísí agus aistrithe agus dreasachtaí i margadh an tsaothair).

Is gá faireachán agus anailís leanúnach a dhéanamh ar scéimeanna ioncaim íosta, go háirithe i bhfianaise na n-athruithe agus na bhforbairtí sa chomhthéacs socheacnamaíoch (tionchar na paindéime agus chogadh na Rúise ar an Úcráin, forbairtí ar mhargadh an tsaothair agus na haistrithe glasa agus digiteacha). Sa chomhthéacs sin, is féidir leis na Ballstáit tairbhe a bhaint as tacaíocht ó chistí an Aontais (amhail Ciste Sóisialta na hEorpa Plus nó an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta) agus ba cheart do scéimeanna ioncaim íosta leanúint de bheith mar fhócas ag an Seimeastar Eorpach. Ba cheart don Choiste um Chosaint Shóisialta agus don Choimisiún tuarascáil chomhpháirteach a ullmhú go tráthrialta chun anailís agus athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn a rinneadh i bhforbairt na cosanta íosta ioncaim sna Ballstáit, ag cur leis an gcreat tagarmharcála maidir le cosaint ioncaim íosta, arna bhunú ar leibhéal an Aontais agus tuilleadh ionchuir ó na Ballstáit.